
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

# An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030



Ullmhaithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe
**gov.ie/2040**

# Réamhrá

## Réamhrá leis an Taoiseach, an Tánaiste agus an Aire Ryan

Nuair a tháinig an rialtas seo chun oifige i Meitheamh 2020, léirigh muid láithreach ár rún an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) a thabhairt chun tosaigh, athbhreithniú a bhí beartaithe do 2022 ar dtús. Tuigimid gur féidir leis an mbonneagar tionchar díreach a imirt i dtaca le geilleagair a ghríosú agus fostaíocht a choimeád, agus tá sé le sonrú go raibh mórán plé ar 'théarnamh atá treoraithe ag an mbonneagar' agus ar 'théarnamh glas' ar fud an domhain tar éis phaindéim Covid-19. Tá freagracht orainn mar rialtas a bheith ag pleanáil do na hathruithe agus do na dúshláin atá romhainn, agus is é sin an fáth a bhfuil ár ngealltanas i leith infheistíocht chaipitil athdhearbhaithe againn.

De réir mar a phleanálaimid le haghaidh téarnamh iarphaindéime inbhuanaithe atá cothrom ó thaobh réigiúin, tá céim chinniúnach bainte amach ag ár dtír ina forbairt. Tá ár ndaonra ar tí fás faoi 1 mhilliún duine idir 2016 agus 2040. Tá impleachtaí ollmhóra bonneagair agus infheistíochta ag baint leis sin amháin. Tá sin ag dul leis an iomad dúshlán atá romhainn faoi láthair mar thír agus mar ghlúin, lena n-áirítear Covid-19, Breatimeacht, an tithíocht, an tsláinte agus éigeandáil na haeráide.

Is den ríthábhacht go dtacóidh an infheistíocht seo le fás geilleagair fadtéarmach inbhuanaithe atá le leas gach réigiúin, baile agus cathrach ar fud na hÉireann. Tá sé tábhachtach freisin go dtacóidh an infheistíocht seo le fíorú ár n-uaillmhianta agus ár spriocanna maidir leis an aeráid. Mar sin de, ní mór an infheistíocht a phleanáil, a spriocdhíriú agus a bhainistiú go maith, chun a chinntiú go mbeidh ár bplean oiriúnach dá fheidhm, láidir agus freagrúil do riachtanais reatha agus amach anseo.

Soláthraíonn an NDP seo an fhís mhionsonraithe dhearfach sin d'Éirinn thar na 10 mbliana atá romhainn. Le chéile, tá sraith comhchuspóirí straitéiseacha cruthaithe againn chun rathúnas a dhaingniú dár dtír, dár réigiúin agus dár ndaoine amach sa todhchaí. Beimid ag díriú anois ar a chinntiú go ndéanfar an plean a sheachadadh go tapa éifeachtach.



**Micheál Martin T.D.**
An Taoiseach



**Leo Varadkar T.D.**
An Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta



**Eamon Ryan T.D.**
An tAire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Iompair

# Réamhrá leis an Aire McGrath



**Michael McGrath T.D.**
An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tar éis próiseas cuimsitheach teagmhála, anailíse agus machnaimh, tá áthas orm an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) leasaithe a thabhairt chun tosaigh, plean a chuireann san áireamh pacáiste infheistíochta €165 billiún. Tá leagtha amach sa NDP na huasteorainneacha caipitil deich mbliana go dtí 2030 a thacóidh le forbairt geilleagair, shóisialta, comhshaoil agus cultúir ar fud gach coda den tír faoi Thionscadal Éireann 2040, chomh maith leis an gCreat Pleanála Náisiúnta (NPF) a leagann amach an straitéis uileghabhálach spásúlachta do na fiche bliain romhainn. Cruthaíonn ailíniú an NDP agus an NPF faoi Thionscadal Éireann 2040 plean comhtháite comhaontaithe don tír trína chinntiú go dtacóidh ár straitéis infheistíochta le pleanáil spásúlachta taobh thiar de shraith comhchuspóirí straitéiseacha le haghaidh forbairt tuaithe, réigiúnach agus uirbeach.

Rinne an t-athbhreithniú ar an NDP machnamh ar na dúshláin is tábhachtaí atá romhainn, agus glacann sé san áireamh géarchéim Covid-19 agus ár bpleananna téarnaimh bainteacha, chun a chinntiú go bhfuil ailíniú ann leis an gClár Rialtais nua, chun ailíniú leis an NPF a láidriú agus chun an nasc leis an bPlean Gníomhaithe nua ar son na hAeráide agus chun beartais eile earnála a fheabhsú.

Is é atá sa tuairisc dheiridh seo toradh roinnt snaidhmeanna oibre a stiúir mo Roinn. Ar an 4ú Aibreán 2021, d'fhoilsigh mé an tuairisc ar Chéim 1 a bhain leas as roinnt píosaí taighde agus páipéir bheartais chomh maith le comhairliúchán leathan poiblí. Mar chuid de Chéim 2, bhí teagmháil mhion le Ranna eile chun cionroinnt caipitil a aontú, chomh maith leis na cláir thosaíochta chun a bheadh ar áireamh an NDP. Le chéile, is bonn láidir fianaise é sin a d'fhág go raibh an rialtas in ann cinntí eolacha a dhéanamh agus muid ag forbairt NDP nua uaillmhianach.


Beidh ról riachtanach ag an NDP maidir lenár bhfreagairtí a mhúnlú do dhúshláin an lae inniu, chomh maith le muid a ullmhú do dhúshláin amach anseo. Cinnteoidh sé cur i bhfeidhm an NPF trí leibhéil infheistíochta a bheith go maith os cionn mheán an AE. Is ionann é freisin agus athrú suntasach i ngealltanas an Rialtais d'aistriú chuig sochaí ísealcharbóin atá seasmhach in aghaidh na haeráide, agus tá socruithe láidrithe rialachais san áireamh ar mhaithe le bheith ag díriú ar sheachadadh bonneagar poiblí atá éifeachtach agus cost-éifeachtúil araon.

# Achoimre



## 1. Léargas

- Beidh ról suntasach ag an infheistíocht ollmhór phoiblí a d'fhaomh an Rialtas agus a dtugtar eolas fúithi sa NDP nua, maidir le dul i ngleic leis na deiseanna agus dúshláin a bheidh roimh Éirinn sna blianta romhainn, idir cheisteanna a bhaineann le Covid-19, Breatimeacht, an tithíocht, an tsláinte, gníomhú ar son na haeráide agus daonra a bhfuil fás aon mhilliún duine tuartha teacht air idir 2016 agus 2040.
- Dréachtaíodh an NDP tar éis athbhreithniú a rinneadh in dhá chéim a thosaigh i nDeireadh Fómhair 2020 agus a raibh teagmháil, comhairliúchán poiblí agus anailís leathan mar chuid de, a bhí faoi stiúir na hOifige Náisiúnta um Infheistíocht agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Thionscadal Éireann 2040 (féach gov.ie/2040).



## 2. Buntáistí na hInfheistíochta

- Meastar go gcothóidh an infheistíocht thar thréimhse an NDP suas le thart ar 47,000 post tógála díreach agus 33,00 post tógála indíreach ar an meán go bliantúil.
- Léiríonn samhaltú geilleagrach go mbeidh OTI, fostaíocht agus pá méadaithe go dtí 2030 mar thoradh ar an infheistíocht atá beartaithe faoin NDP



## 3. Gníomhú ar son na hAeráide

- Rinneadh iarracht mhór chun a chinntiú go dtacóidh an NDP le mianta an Rialtais i leith na haeráide. Den chéad uair in Éirinn, rinneadh measúnú ar bhearta an NDP ó thaobh aeráide agus comhshaoil, chomh maith le measúnú ar ailíniú an phlean ina iomláine le hidéil plean téarnaimh glas.
- Rinneadh gealltanais chun cur le leasuithe ar an gCód Caiteachais Phoiblí agus ar ionramháil Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh.
- Ar an gcuid is suntasaí de, leithdháileadh €5 bhilliún d'fháltais bhreise cánach carbóin thar thréimhse an NDP chun leibhéil infheistíocht chaipitil a mhéadú san éifeachtúlacht fuinnimh.

## 4. Maoiniú

- Tá leagtha amach sa NDP leithdháilte na Roinne go dtí 2025 agus infheistíocht phoiblí iomlán de €165 billiún thar an tréimhse 2021-2030. Tabharfaidh sé sin infheistíocht phoiblí go dtí 5 faoin gcéad de OTI*, atá go maith os cionn mheáin an AE le déanaí de 3 faoin gcéad d'OTI.

## 5. Creat Infheistíochta

- Níl sé de rún go mbeidh an NDP ina liosta cuimsitheach de gach togra infheistíocht phoiblí a tharlóidh sna deich mbliana romhainn. Mar sin féin, sa chás go bhfuil pleanáil agus luacháil shuntasach déanta cheana, tá réimse de ghealltanais chaiteachais sa NDP.
- Mar bhonn taca faoin bplean, tá Cód Caiteachais Phoiblí uasdátaithe a tháinig i bhfeidhm ar an 1ú Eanáir 2020. Tá na riachtanais luach ar airgead leagtha amach ann le haghaidh luacháil, pleanáil agus bainistiú tograí infheistíocht phoiblí in Éirinn.
- Chomh maith le seoladh na cáipéise NDP, foilsíodh Investment Tracker agus uirlis léarscáilithe MyProjectIreland uasdátaithe, uirlis a thugann eolas ar thograí ar leith (féach gov.ie/2040).

## 6. Seachadadh a Fheabhsú

- Tá eolas sa phlean ar réimse tionscnamh agus leasuithe atá á ndéanamh agus atá beartaithe chun acmhainn chomhlachtaí na hearnála poiblí a fhorbairt chun infheistíocht phoiblí a sheachadadh go héifeachtach. Tá sin ann chomh maith le leasuithe tábhachtacha ar an rialachas atá á gcur i bhfeidhm ag an Oifig Náisiúnta um Infheistíocht ar mhaithe le meastóireacht ar thionscadal a fheabhsú agus laghdú ar an riosca maidir le róchaitheamh ar thograí.
- Ar deireadh, tá eolas ar chur chuige beartais an Rialtais i leith tacaíocht d'earnáil na tógála in Éirinn, chomh maith leis na céimeanna atá á nglacadh chun nuálaíocht agus roghnú digiteach a spreagadh.

gov.ie/2040

Ullmhaithe ag an Roinn Caiteachais
Poiblí agus Athchóirithe

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland